# Polasaí Úsáide inghlactha.

## *Úsáid sábháilte, cóir & tuiscineach ar chórais Theicneolaíochta Fáisnéise & Cumarsáide*

**Réamhrá:** Socraíodh polasaí a chur le chéile i 2020 chun a chinntiú go mbeidh córas ar bun i Spleodar a chintíonn go mbeidh imeachtaí Spelodar ar siúl ar líne i mbealach sabháilte agus éifeachtach agus a chlóinn lenár bPolasaí Cosaint Leanaí agus lenár gCod Iompair. Mura gcomhlíontar polasaí AUP Spleodar tarraingeofar siar an phribhléid.
Tá sé i gceist go ndéanfaidh Bord na n-Iontaoibhe athbhreithniú gach bliain ar an AUP.

**Aidhm:** Is é aidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha a chinntiú go bhfaighidh scolairí Spleodar buntaiste as na deiseanna páirt a ghlacadh in imeachtaí Spleodar ar líne i mbealach sábháilte agus éifeachtach.

**Scóip:** Baineann an polasaí seo le gach duine atá bainteach le Spleodar.

**Gaol le ráiteas misin agus éiteas Spleodar:** Is iad labhairt agus foghlaim na Gaeilge croí lár Spleodar, chomh maithe le cinnireacht a fhorbairt i ndaoine óga. Leis an bpolasaí seo, leantar le misean agus éiteas Spleodar. Déantar iarracht na daltaí a fheistiú le on scileanna riachtanacha chun a bheith ina gceannairí maithe.

**Straitéis Spleodar:**

Bainfidh Spleodar leas as roinnt straitéisí chun cur chomh mór agus is féidir le deiseanna foghlama agus le rioscaí a bhaineann leis an Idirlíon a laghdú. Is iad na straitéisí na cinn seo a leanas:

- Bainfear leas as Zoom, Instagram agus Facebook.
- Déanfaidh bainistíocht Spleodar monatóireacht rialta ar na himeachtaí iar-aire.
- Gheobhaidh an bainisteoir agus an oifigeach chléireachais cuireadh freastal ar gach club Zoom agus buailfidh duine acu isteach ar gach club.
- Cuirfear oiliúint ar fáil d'fheighlithe maidir le sábháilteacht ar líne (Zoom)

- Cleachtóidh gach duine dea "netiquette" (i.e., etiquette ar Zoom) ag gach tráth agus ní thabharfaidh siad faoi aon ghníomh a tharraingeoidh droch-cháil ar Spleodar.
- Ní dhéanfaidh aon bhall nochtadh nó foilsiú ar eolas pearsanta.
- Úsáidfidh Spleodar cuntais ríomhphoist atá tugtha ag tuismitheoirí na scolairí do Spleodar.
- Ní fhoilseoidh aon duine i Spleodar a sonraí pearsanta féin ná sonraí daoine eile, nithe mar sheoltaí nó uimhreacha fóin.
- Beidh cosc iomlán ar chruinniú duine le duine trí chruinniú ar Zoom. Beidh i gcónaí beirt ó fhoireann Spleodar i lathair má tá scoláire amháin ann.
- Ní fhoilseofar grianghraif dhigiteacha, clipeanna eisteachta nó fise de dhaltaí aonair ar ghreasán Spleodar. Díreoidh grianghraif agus clipeanna éisteachta agus físe ar gníomhaíochtaí grúpaí.

**Reachtaíocht:**

Soláthróidh Spleodar eolas ar an reachtaíocht seo a leanas maidir le húsáid an idirlín agus ar choir do scolairí, d'fhostaithe agus do thuismitheoirí dul i dtathaí uirthi ;

- An Bille um Gháinneáil ar leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí
- 1993 An tAcht Tascartha
- An tAcht um Fhístaifeadtaí, 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí

**Smachtbhannaí** :

D'fheadfadh gníomh discipline teacht as mí-úsáid a bhaint as an idirlín, lena n-áirítear tarraingt siar pribhléidí rochtana agus i gcásanna tromchúiseacha fionraí nó díbirt. Tá sé de cheart ag Spleodar freisin aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha a thuairisciú chuig na húdaráis chuí.

***Scolairí:***

- Bí réidh don chlub, timpeall 5 nóimeád roimhe.
- Mairfidh gach club uair a'chloig.
- Ná tóg gabháil scáileáin agus ná roinn gabháil scáileáin le héinne.
- Beidh na feighlithe ag súil leis na gnáth rialacha Spleodar, meas, dea-bhéasaí, cinneáltas agus Gaeilge. Is féidir gach rud atá ar siúl agat a fheiceáil ag gach duine agus gach rud atá ráite bíonn sé cloiste ag gach duine sa chlub.
- Éist le gach duine.
- Níl cead an club a thaifeadadh. Má tá na feighlithe chun taifeadadh a dhéanamh ar aon imeacht sa chlub déarfaidh siad libh é.
- Bí gléasta i gceart.
- Bí cinnte nach bhfuil daoine eile nach mbaineann le Spleodar ar an Zoom leat.
- Níl cead an cuireadh a fhaigheann tú chuig an gclub a roinnt le haon duine eile. Roinnfidh na feighlithe amháin an cuireadh sin.
- Má tá tú faoi 18 mbl d'aois iarrtar ort a chinntiú go mbeidh tuismitheoir gar den ríomhaire a fhad is ata an club ar siúl.

**Dáta don chur i bhfeidhm**

Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2020.

**Clár ama don Athbhreithniú**

.
Déanfar aithbhreithniú air go bliaintiúil.